Comhar Teoranta

Doubtya Boy!
Author(s): Tadhg Ó Dúshláine
Source: *Comhar*, Iml. 65, Uimh 7 (Jul., 2005), p. 12
Published by: Comhar Teoranta
Stable URL: http://www.jstor.org/stable/25575224
Accessed: 27-06-2018 14:14 UTC

JSTOR is a not-for-profit service that helps scholars, researchers, and students discover, use, and build upon a wide range of content in a trusted digital archive. We use information technology and tools to increase productivity and facilitate new forms of scholarship. For more information about JSTOR, please contact support@jstor.org.

Your use of the JSTOR archive indicates your acceptance of the Terms & Conditions of Use, available at http://about.jstor.org/terms

*Comhar Teoranta* is collaborating with JSTOR to digitize, preserve and extend access to *Comhar*

This content downloaded from 149.157.61.215 on Wed, 27 Jun 2018 14:14:26 UTC
All use subject to http://about.jstor.org/terms



**Michael Davitt**
**1950-2005**

# *Doubtya Boy!*

Tadhg Ó Dúshláine

Mhiosáil do chroí bít idir dhá abhainn
Is shíothlaigh tú uainn gan choinne
Faoi mar phléascais chugainn de gheit id fhile
An uair sin ná raibh ionainn ach scata gabhal,
Gligíní agus bligeardaí sráide
Ach go gcuiris séip na Féinne orainn
Go ndéanfaimis athghabháil ár ndúchais.

Ba thusa ár ndeartháir críonna, ar shlí,
Ár gceannródaí, ár dtaiscéalaí
A thug dúshlán na píosántacht'
Is gach deachtóireacht eile ó Chorcaigh go Vietnam;
Tú féin i dtús cadhnaíochta
Chomh dathúil dána le Michael Collins
Ón mBeairic anuas
York Hill is Wellington Road,
Ó Belvue Park is Sidney Place amach;
Gur fhágais iarrachtaí Corkery is O'Connor
Is cleas na bunscoile go léir idir Dillon's Cross is Saint Luke's
in áit na leithphingine.
Sea, ba thusa a dhein ceist cearta sibhialta
Dár gcearta oidhreachta
Blianta sul a raibh caint faoi Acht ná Stádas.

Thugais d'aghaidh ar an Mhainistir Thuaidh ina dhiaidh sin,
Is tuargaint na ngunnaí móra, Bastable is Beausang,
níor bhris do cpiorad;
Ná fáinní fí seanchonraitheoirí ag céilithe geanmnaí
lena dididldí-dí, gobcheol agus geonaíl
ar Pharáid na Díge.
Is chuamar ag tonnmharcaíocht Luxemburg is Caroline
Go mbualamar trá thiar
Samhradh sin Iníon Uí Riain,
Go gcuireamar aithne Dhúnchaoineach orainn féin
Is go bhfacamar go raibh an uile ní athruithe,
Athruithe ó bhonn.

Fathach eile fós le troid
Thugais d'aghaidh ar UCC,
Nuair ba mhó ba chás leat sendero luminoso na saoirse
Ná aon long a tháinig ó Valparaiso
Mar nár leor led reibiliúntacht cathrach mar ardán
Síbíní spailpíní De Valera
Ón Éirinn a bhí anallód ann.
Is leanamar ar ais abhaile thú,
Inár gcathlán printíseach faoi oiliúint,
Go gcuamar Innti sa County Club agus Vienna Woods,
Scoláirí ar na bruach thall ag murmar faoi rannaireacht den dtríú grád,
Ag scigeadh faoi do phíobaireacht Hamelin,
Na brealsúin, na hamadáin, na lúdramáin,
A d'fhan ar an slab ag iascach tráithníní
Nuair a chuais féin ar an nduibheagán
Ag cur ár mbó thar abhainn
Isteach ar thalamh na bhfathach,
Sinne ná raibh bó ná talamh againn,
na cánóga sin a dhein laoch díot.

Ché Guevara Davitt,
Lán de ghaisce,
Gan aon liom-leat
Is saibhre de d'íobairt atáimid
Is is saibhrede sinn de thoradh do shamhlaíochta, líofa.

Adios amigo,
Mothóimid uainn tú.
Yeah boy, tá deireadh anois le ré na bpleidhcí.



This content downloaded from 149.157.61.215 on Wed, 27 Jun 2018 14:14:26 UTC
All use subject to http://about.jstor.org/terms